

**ROALD DAHL**  
**DANNY**  
**SEAIMPÍN**  
**AN DOMHAIN**

Aistrithe ag MUIRIS Ó RAGHALLAIGH

An Chéad Eagrán Gaeilge 2016  
An tAistriúchán Gaeilge © Leabhar Breac 2016

Danny the Champion of the World © Roald Dahl Nominee Ltd., 1975  
Cóipcheart ar an obair ealaíne © 1994 le Quentin Blake

ISBN 978-1-909907-87-4

Gach ceart ar cosaint.

Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilge agus Gaelscolaíochta



Táimid buíoch den Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta  
as maoiniú a chur ar fáil don fhoilseachán seo.

Clódóireacht: Clódóirí Lurgan



Tugann an Chomhairle Ealaíon tacaíocht airgid do Leabhar Breac

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

[www.leabharbreac.com](http://www.leabharbreac.com)

091-593592

1

## An Stáisiún Peitрил

Nuair a bhí mé ceithre mhí d'aois fuair mo mháthair bás go tobann agus fágadh m'athair ina aonar chun aire a thabhairt domsa. Seo mise ag an am.



Ní raibh aon deartháireacha ná deirfiúracha agam.

Agus mé i mo gharsún, mar sin, ón uair a bhí mé ceithre mhí d'aois ar aghaidh, ní raibh ann ach an bheirt againn, mise agus m'athair.



I seancharbhán gíofógach laistiar de stáisiún peitрил a bhí cónaí orainn. Ba le m'athair iad an stáisiún peitрил agus an carbhán chomh maith le páircín beag ar chúl an stáisiúin. Is beag eile de mhaoin an tsaoil a bhí aige. Stáisiún peitрил beag bídeach a bhí ann, é suite ar bhóthar cúng tuaithe agus páirceanna agus cnocáin faoi choillte thart timpeall air.


Agus mé i mo leanbh ba é m'athair a dhéanadh mé a ní agus a bheathú, ba é a d'athraíodh na clúidíní agus ba é a dhéanadh an iliomad mionrudaí eile ba ghnách le máthair a dhéanamh do leanbh. Ní beag sin d'fhear, go háirithe nuair a bhíonn air slí bheatha a dhéanamh dó féin ag deisiú innill charranna agus ag freastal ar chustaiméirí i stáisiún peitрил.

Níor chuir sé sin ar fad isteach ná amach ar m'athair, áfach. Gach unsa grá a bhí aige do mo mháthair fad a bhí sise beo, d'fhear sé ormsa anois é go fras. Oiread is nóiméad de ghruaim ná de bhreiteacht ní raibh agam le linn bhlianta m'óige. Seo mise ar an gcúigiú lá breithe agam.



Faoi mar a fheiceann tú, is gioblachán beag de gharsún a bhí ionam faoin tráth sin agus bealadh agus ola ó bhonn go baithis orm. Ach b'in de bharr go gcaithinn an lá ar fad sa cheardlann ag cabhrú le m'athair na carranna a dheisiú.

Ní raibh ach dhá phumpa peitрил sa stáisiún. Bhí bothán beag adhmaid laistiar de na pumpaí agus é ina oifig againn. Ní raibh san oifig ach seanbhord agus scipéad airgid — ceann de na cinn sin a mbrúfá cnaipe air agus go mbuailfeadh clog agus go bpreabfadh an tarraiceán amach de phlab mór glórach. B’aoibhinn liom sin.



Ba í an cheardlann an foirgneamh cearnach brící ar dheis ón oifig. M’athair féin a thóg í, rud a rinne sé go cruinn cúramach. Ba í an t-aon fhoirgneamh faoin stáisiún í a bhí téagartha daingean. ‘Innealtóirí sinne, tusa agus mise,’ a deireadh sé. ‘Déanaimid innill a dheisiú, sin é mar a shaothraímid ár gcuid agus ní féidir obair mhaith dhéanamh i ndroch-cheardlann.’ Ba bhreá an cheardlann í. Bhí dóthain slí ann chun go rachadh carr amháin isteach inti go furasta agus go mbeadh fuilleach spáis timpeall uirthi fós chun obair a dhéanamh. Bhí guthán ann leis chun go mbeadh

custaiméirí ábalta socrú a dhéanamh carr a thabhairt isteach chun go ndeiseofaí í.

Ba é an carbhán ár dtigh agus ár dtearmainn. Vaigín gíofógach den seandéanamh a bhí ann. Bhí rothaí móra faoi agus bhí gréasobair bhuí, dhearg agus ghorm péinteáilte air. Dar le m'athair bhí sé céad caoga bliain d'aois ar a laghad. Deireadh sé gurbh iomaí leanbh a rugadh agus a tógadh faoi fhraitheacha adhmaid an charbháin sin. Ní foláir nó bhí na mílte míle de bhóithre agus de lánaí na tíre curtha de aige agus capall á tharraingt. Ach bhí deireadh lena aistear anois, bhí na spócaí sna rothaí ag lobhadh agus b'éigean do m'athair brící a chur faoina bhun chun é a choimeád suas.



Ní raibh ach aon seomra amháin sa charbhán, agus ní raibh sé sin puinn níos mó ná seomra folctha réasúnta fairsing mar a bheadh i ngnáth-theach inniu. Seomra cúng a bhí ann, é ar chruth an charbháin féin. Bhí dhá bhunc ag an bhfalla cúil, ceann os cionn a chéile. Ba le m'athair an ceann ar barr, agus ba liomsa an ceann faoi sin.

Cé go raibh aibhléis sa cheardlann againn, ní raibh cead í a bheith againn sa charbhán. Dar le lucht na haibhléise nach mbeadh sé sábháilte sreanga a chur isteach i seancharbhán creathach mar é. Maidir le solas agus teas de, rinneamar ar nós na ngiofóg fadó. Bhí sornóg bheag adhmaid againn agus simléar ann a ghabh in airde tríd an díon; choinnigh sé sin breá teolaí sinn i rith an gheimhridh. Bhí dóire beag pairifín againn. D'fhéadfá citeal a fhiuchadh air nó stobhach a dhéanamh agus bhí lampa pairifín ar crochadh ón tsíleáil.

Nuair a bhí folcadh ag teastáil uaim dhéanadh m'athair an t-uisce a théamh sa chiteal agus líonadh sé báisín le huisce te. Bhaineadh seisean gach snáithe díom, sheasainn lomnocht sa bháisín agus dhéanadh seisean gach orlach díom a sciúradh. Bhínn gach aon phioc chomh glan céanna is dá mbeinn tar éis a bheith i ndabhach — agus ní ba ghlaine, b'fhéidir, ós rud é nach mbínn i mo shuí san uisce salach.

Ní raibh de throscán againn ach dhá chathaoir, bord beag, agus cófra beag tarraiceán. B'in a raibh againn de bhoige an tsaoil, ach b'in an méid a bhí uainn.

Bothán beag adhmaid a bhí sa leithreas, é achar gairid isteach sa pháirc taobh thiar den charbhán. Bhí sé go breá i rith an tsamhraidh, ach níorbh é an scéal céanna é i rith an gheimhridh agus an sneachta ina luí ar an talamh, táim á rá leat. Cheapfá go raibh tú i do shuí i gcuisneoir!



Díreach laistiar den charbhán bhí seanchrann úll ann. Bhíodh na húlla aibí i lár mhí Mheán Fómhair, bhí siad breá blasta agus d'fhéadfá iad a phiocadh ar feadh ceithre nó cúig seachtaine. Shín cuid de na géaga díreach os cionn an charbháin agus nuair a shéideadh an ghaoth na húlla anuas istoíche is minic a thitidís ar an díon. Chloisinn iad ag titim os mo chionn agus mé i mo luí sa leaba *plimp ... plimp, plimp*. Ní chuireadh na torainn sin eagla orm riamh, áfach, mar is go maith a bhí a fhios agam cad a bhí ann.

Is mé a bhí sona sásta agus mé i mo chónaí sa charbhán giofógach sin. Níor shona mé riamh ná nuair a bhínn soiprithe síos sa bhunc istoíche agus m'athair ag insint scéalta dom. Bhíodh an lampa pairifín casta síos, agus gríosach bheodhearg na mblocán adhmaid le feiceáil sa tsornóg. B'álainn an rud é bheith i mo luí go cluthar teolaí i mo bhunc féin sa seomra beag sin. Ach an rud ab iontaí ar fad faoi ná seo, bhí a fhios agam nuair a thitfeadh mo chodladh orm go mbeadh m'athair fós ann i m'fhochair i gcónaí, é ina shuí cois tine, nó ina luí sa bhunc os mo chionn.

